

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**  
**Department of Education and Skills**

**Meastóireacht Scoile Uile**  
**Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim**

**TUAIRISC**

<b>Ainm na scoile / School name</b>	Coláiste Cholmcille
<b>Seoladh na scoile / School address</b>	Indreabhán Contae na Gaillimhe
<b>Uimhir rolla / Roll number</b>	71250A

**Dáta na Meastóireachta: 11-04-2019**



---

An Roinn Oideachais  
agus Scileanna  
Department of  
Education and Skills

This report is written in Irish. An English translation of the report is provided at the end of the report.

Tá an tuairisc seo scríofa i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla den tuairisc ar fáil ag deireadh na tuairisce.

## **Cad is meastóireacht scoile uile - bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim ann?**

Déanann Meastóireacht Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim tuairisciú ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama agus ar cháilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta i scoil. Dearbhaítear léi dea-chleachtas agus déantar moltaí, nuair is cuí, chun cuidiú le forbairt bhreise a dhéanamh ar an soláthar oideachais sa scoil.

## **Conas an tuairisc seo a léamh**

Le linn na cigireachta seo, rinne na cigirí meastóireacht agus tuairisciú faoi na ceanteidil nó faoi na réimsí fiosrúcháin seo a leanas:

1. Cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochts scoile
2. Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama
3. Cur i bhfeidhm na moltaí ó mheastóireachtaí roimhe seo
4. Próiseas féinmeastóireachta na scoile agus an acmhainn d'fheabhsúchán scoile

Déanann na cigirí cur síos ar an gcáilíocht a bhaineann le gach ceann de na réimsí sin agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na Cigireachta a thaispeántar ar leathanach deiridh na tuairisce seo. Soláthraíonn an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí agus iad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile i ngach réimse.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

## **COSAINT LEANAÍ**

Le linn na meastóireachta, rinneadh seiceáil mar a leanas ar nósanna imeachta na scoile maidir le caomhnú leanaí:

1. Tá ainm an teagmhálaí ainmnithe agus an ráiteas slánchumhdaithe leanaí ar taispeáint go feiceálach gar do phríomhdhoras na scoile / sa limistéar fáiltithe.
2. Tá ráiteas slánchumhdaithe leanaí na scoile faofa ag an mbord agus áirítear ann athbhreithniú bliantúil agus measúnú riosca.
3. Tá sé dearbhaithe ag gach múinteoir ar tugadh cuairt orthu go bhfuil ráiteas slánchumhdaithe leanaí na scoile léite acu agus go bhfuil siad eolach ar a bhfreagrachtaí mar dhuine faoi shainordú.
4. Tá ráiteas slánchumhdaithe leanaí na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.
5. Ar na taifid de na trí chruinniú bainistíochta is déanaí tá taifead de thuairisc mhaoirseachta um chosaint leanaí i gcomhréir le riachtanais na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.
6. Tá sé cinntithe ag an mbord bainistíochta go bhfuil socruithe i bhfeidhm le heolas a chur ar fáil do phearsanra uile na scoile ar na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.
7. Tá sé léirithe i ndoiciméid phleanála scoile go bhfuil soláthar iomlán á dhéanamh ag an scoil do ghnéithe ábhartha an churaclaim (OSPS, Bí Sábháilte, OCG, Folláine).
8. Tá na taifid maidir le cosaint leanaí a gcoinneáil in áit slán, daingean.

Ní raibh cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear maidir le 1, 5 ná 7 agus mar sin ní raibh an scoil ag teacht lena n-éilítear faoi na seiceálacha a rinneadh ag am na cuairte cigireachta.

# MEASTÓIREACHT SCOILE UILE – BAINISTÍOCHT, CEANNAIREACHT AGUS FOGHLAIM

<b>Dátaí na cigireachta</b>	11-04-2019
<ul style="list-style-type: none"><li>• Gníomhaíochtaí cigireachta a rinneadh:</li><li>• Cruinniú leis an mbord bainistíochta</li><li>• Cruinnithe leis an bpríomhoide agus príomhoide tánaisteach</li><li>• Cruinnithe le príomhbhaill foirne</li><li>• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha</li><li>• Agallamh le fócasghrúpa scoláirí</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Cruinniú le tuismitheoirí</li><li>• Anailís ar cheistneoirí ó thuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí</li><li>• Breathnú ar theagasc agus foghlaim</li><li>• Scrúdú ar obair na scoláirí</li><li>• Aiseolas don fhoireann bhainistíochta sinsearaí, bord bainistíochta agus múinteoirí</li></ul>

## Comhthéacs na scoile

Tá Coláiste Cholmcille ar cheann de thrí iar-bhunscoil i gceantar Chois Fharráige i nGaeltacht Chonamara. Is scoil chomhoideachais í a bunaíodh in 1955 agus feidhmíonn sí faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oilíúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGRC). Bunaíodh rang uathachais sa scoil in 2017 agus cuireadh tús le rang do scoláirí le míchumas foghlama ginearálta meánach ag tús na scoilbhliana reatha, 2018/19. Is i mbliana freisin a soláthraíodh an Ardteistiméireacht Fheidhmeach don chéad uair, soláthar a fhágann go bhfuil gach clár ar fáil ar churaclam na scoile anois. Tá laghdú leanúnach ar rollachán na scoile: ó 293 in 2014 go dtí 134 sa scoilbhliain reatha.

Tá an scoil páirteach i bplean gníomhaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna um chuimsiú oideachais, Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (CDSS/DEIS) ó 2002 agus sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (SASG) ó 2017. Is í an Ghaeilge teanga teaghlaigh formhór na scoláirí agus tá céatadán an-ard de chainteoirí dúchais i measc bhaill foirne na scoile. Ag am na cigireachta, ní raibh aon choiste tuismitheoirí sa scoil.

## ACHOIMRE AR NA PRÍOMHCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ:

### Cinntí

- Bhí cáilíocht na bainistíochta agus ceannaireachta sa raon idir measartha agus go han-mhaith i gcás an boird bhainistíochta, an bhainistíocht shinsearach, an mheánbhainistíocht, an curaclam, bainistíocht ar scoláirí agus áiseanna.
- Ní raibh cleachtas na scoile maidir le Cosaint Leanaí ag teacht lena n-éilítear faoi na seiceálacha a rinneadh le linn na cigireachta.
- Bhí cáilíocht na pleanála scoile uile measartha; níl plean feabhsúcháin scoile (PFS) faofa ag an mbord, tá polasaithe scoile uile lárnacha in easnamh agus bhain laigí soiléire le cáilíocht na cumarsáide i measc páirtithe iomlán na scoile i leith na pleanála scoile uile.
- Bhí cáilíocht fhoriomlán an teagaisc go maith, agus breathnaíodh cleachtas ar cháilíocht den scoth i leath de na ceachtanna chomh maith le roinnt cleachtais ag leibhéal sásúil i líon beag eile.
- Bhí cáilíocht agus eispéireas foghlama na scoláirí go maith ar an iomlán, agus go han-mhaith i gcás leath de na ceachtanna; ní raibh an rath céanna ar an bhfoghlaim i roinnt bheag eile.
- Tríd is tríd, tá dul chun cinn maith déanta i bhforfheidhmiú na moltaí i dtuairiscí cigireachta a eisíodh chuig an scoil go dáta.
- Bhain cáilíocht mhaith leis na pleananna CDSS agus SASG ach ní raibh fianaise ann ar chur chuige comhtháite ar bhonn scoile uile ná ar struchtúr forfheidhmithe chun spriocanna na bpleananna a bhaint amach.
- Ní raibh cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear maidir le caomhnú leanaí ag am na cuairte cigireachta.

## **Moltaí**

- Ní mór don bhord bainistíochta PFS a fhaomhadh chun dul i ngleic leis an laghdú leanúnach i rollachán na scoile agus na struchtúir chúí a chinntiú chun an phlean a chur i bhfeidhm.
- Is den riachtanas é na heasnaimh lárnacha maidir le croí-pholasaithe na scoile, lena n-áirítear Cosaint Leanaí, a chomhlíonadh láthaireach.
- Ní foláir dualgais na bainistíochta sinsearaí agus róil na bpearsanra eile i gcroí-réimse shaol na scoile a mhionsonrú agus a nascadh go stráitéiseach leis an bPFS chun clár forbartha a bhaint amach ar bhonn leanúnach.
- Ar mhaithe le rannpháirtíocht fhiúntach a chothú, is den tábhacht é feabhas a chur ar cháilíocht na cumarsáide i measc comhpháirtithe uile na scoile, go háirithe i dtaca le plean feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.
- Moltar bealaí a aimsiú chun an saineolas maidir le cleachtas na difreála agus an measúnaithe chun foghlama (McF) atá i measc na foirne a roinnt leis an bhfoireann trí chéile chun eispéireas foghlama na scoláirí a fhorbairt tuilleadh.

## **MIONCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ**

### **1. CÁILÍOCHT NA CEANNAIREACHTA AGUS NA BAINISTÍOCHTA SCOILE**

#### **Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc**

Bhí cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta measartha ar an iomlán ag leibhéal an bhoird bhainistíochta agus ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí.

Thosaigh tréimhse an boird bhainistíochta reatha in 2017 agus tá tromlach na mball ar an mbord ó 2013. Ainmní amháin atá ag na tuismitheoirí an mbord. Moltar an dara tuismitheoir a ainmniú ar an mbord. Déanann an bord monatóireacht ar chúrsaí teagasc trí phlé ginearálta ar thorthaí Ardteistiméireachta agus ar mholtaí tuairiscí chigireachta. Ba léir ó chruinnithe a tionóladh agus ó cheistneoirí na múinteoirí agus na dtuismitheoirí nach bhfuil an pobal scoile sásta le cáilíocht na cumarsáide ón mbord. Moltar modhanna cumarsáide a fhorbairt chun dul i ngleic leis an mbearna seo. Thabharfadh ráiteas comhaonaithe ar chruinnithe boird an-soiléireacht don phobal ar fheidhmiú na scoile. Ina theannta sin, ní mór don phríomhoide tuairisc bhliatúil níos mionsonraithe a shólathar don bhord agus tús a chur le tuairisciú ó na rannóga ábhair agus ó phost sealbhóirí.

Oibríonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach as lámh a chéile chun saol laethúil na scoile a bhainistiú. Mar gheall ar easnaimh lárnacha i bpolasaithe na scoile agus sa phleanáil scoile uile, tá gnéithe áirithe faoi réir ag nósanna imeachta seachas ag polasaithe foirmiúla, pleanáil stráitéiseach agus dea-chleachtas. Ní dhearnadh athbhreithniú ar dhualgais na bainistíochta sinsearaí le tamall de bhlianta. Moltar dualgais na bainistíochta sinsearaí a athbhreithniú anois agus na freagrachtaí a mhionsonrú chun a chinntiú go gcuirtear i gcrích a ndualgais ceannaireachta i gcúrsaí pleanála, teagasc agus foghlama.

Bhain cáilíocht an-mhaith le curaclam na scoile ó thobh rogha na n-ábhar agus na gclár de. Bíonn rogha oscailte ag scoláirí ar theacht chun na scoile dóibh sa chéad bhliain agus ag an bpointe astraithe chuig an sraith shinsearach agus cuireadh tús le clár samplach do scoláirí na chéad bhliana anuraidh. Tá an ráta coinneála an-ard le tamall de bhlianta. Tríd is tríd, tá an soláthar do na hábhair go maith. Cuirtear clár oideachais shóisialta phearsanta agus sláinte (OSPS) ar fáil do na scoláirí sóisearacha ach is gá polasaí oideachais chaidrimh agus gnéasachta (OCG) a fhorbairt agus a shlólathar do na ranganna sinsearach chun forálacha Imlitir 0043/2018 a chomhlíonadh.

Tá traidisiúin láidire sa scoil i réimse imeachtaí eischuraclaim lena n-áirítear cúrsaí teanga, spóirt, drámaíochta, díospóireachta agus comórtais liteartha. Léiríonn na múinteoirí dílseacht agus tiomantas nach beag don scoil agus do shuibhriú eispéiris foghlama na scoláirí.

Is cuid de bhun éiteas na scoile forbairt iomlánaíoch an scoláire. Léirigh freagairt ar cheistneoirí go raibh dea-theist ar an gcúram a dhéantar do na scoláirí. Tá múinteoir ceann bliana ag gach bliainghrúpa ach níl dóthain sóiléireachta sna dualgais atá luaite leis an ról. Moltar go bpléifeadh agus go n-aontódh an fhoireann dualgais an mhúinteóra ceann bliana agus iad a chur i bhfeidhm, cúraimí i leith asláithreachtaí a shainiú san áireamh. Bunaíodh coiste tréadchúraim le gairid. Beidh treoirlínte na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais *Foinne Tacaíochta Scoláirí Iarbhunscoileanna 2014* cabhrach d'fhorbairt théarmaí tagartha an choiste.

Triúr múinteoirí le saincháilíochtaí riachtanais speisialta oideachais (RSO) a chomhordaíonn réimsí difriúla an tsoláthair RSO. Tá an leibhéal féinspreagtha sa roinn le moladh. Tá córas comhordaithe na roinne, thar réimse ábhar, chun freastal ar riachtanais aitheanta scoláirí go han-mhaith. Áirítear anseo cleachtas uileghabhálach in úsáid tástálacha ar chumais cognaíochta, monatóireacht agus an próifíl a choinnítear ar gach scoláire ar ardán comhroinnte. Tá sé inmholta go raibh an léargas leathan seo ar chumais cognaíochta na scoláirí á chur san áireamh ag múinteoirí áirithe sa phleanáil agus ullmhúchán do cheachtanna. Luaitear mar mholadh an t-eolas seo a bheith san áireamh ag na múinteoirí go léir agus iad i mbun phleanála don teagasc agus foghlaim. Cuireann an roinn RSO treoir sa tacaíocht foghlama agus acmhainne ar an bhfoireann uile go rialta. Tá leath den fhoireann teagaisc páirteach sa soláthar RSO thar réimse ábhar agus múnlaí tacaíochta.

Níl na huairéanta tacaíochta ar fad atá ar fáil leithroinnte mar is cuí agus moltar é seo athbhreithniú. Is den riachtanas é polasaí scoile uile RSO a fhorbairt ina mbeidh ról na gcomhordaitheoirí RSO sainaitheanta chun an réimse seo a bhainistiú ar bhealach níos inmharthana. Tá naisc fhiúntacha neamhfoirimiúla idir an fhoireann RSO, an clár críochnaithe scolaíochta (CCS)/ an teagmhálaí baile, scoile agus pobail (TBSP) agus an phleanáil CDSS. Ba cheart don bhainistíocht tacú leis an gcomhoibriú tábhachtach seo trí chruinniú foirmiúil idir ionadaithe RSO, an CCS/TBSP agus phleanáil CDSS a chur ar an gclár ama.

### **An eagraíocht a bhainistiú**

Tá cáilíocht an rialachais measartha. Tá tosaíochtaí forbartha aitheanta ag an mbord: cur le rollachán na scoile, forbairt foirgnimh agus talamh breise a cheannach. Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta ó thaobh cúrsaí infrastruchtúir de, níl socrúithe déanta ag an mbord PFS a fhorbairt chun aghaidh stráitéiseach a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an scoil. Moltar go láidir riachtanais na scoile mar a aithníodh san anailís ar láidreachtaí, deiseanna, dúshláin agus bagairtí (LDDB) san athbhreithniú ar sceideal na bpost a chur san áireamh sa PFS.

De bharr easnaimh sa chuid bhuan den phlean scoile, moltar seicliosta a úsáid chun bearnaí i bpolasaithe riachtanacha na scoile a shainaithint agus polasaithe a dhréachtú ar bhonn práinne de réir am líne aontaithe. Is den riachtanas é plean don Treoir agus polasaí RSO a fhorbairt agus fhaomhadh láithreach. Ba chóir na polasaithe eile a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta agus timthriall a cheapadh a chinnteoidh go mbeidh beartas na scoile ag teacht le reachtaíocht agus dea-chleachtas. Ba cheart don bhord plean CDSS don timthriall 2018-2021 a dhaingniú gan a thuilleadh moille.

Déantar bainistíocht mhaith ar áiseanna na scoile agus ar a gcothabháil. Tá timpeallacht foghlama spreagúil cruthaithe ar fud na scoile. Moltar an polasaí sláinte agus sábháilteachta a athbhreithniú bunaithe ar an measúnú riosca agus a fhaomhadh.

### **Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile**

Tá scóip ann chun feabhas a chur le gnéithe áirithe den cheannaireacht ar fhorbairt na scoile. Bhí fianaise ann nach n-áiríonn na múinteoirí go bhfuil dóthain ionchuir acu i bpróiseas cinnteoireachta na scoile agus go bhfuil scóip ann feabhas a chur ar cháilíocht na cumarsáide idir an fhoireann agus an bhainistíocht shinsearach. Ar mhaithe le rannpháirtíocht fhiúntach a chothú, moltar cruinnithe foirne a thionól níos rialta, plé níos téagartha a dhéanamh ar na gnéithe de chroí-obair na scoile agus leas a

bhaint as cuir chuige níos daonlathaí, níos córasaí agus níos tráthúla chun cinntí a dhéanamh agus a chur i gcrích.

Cruthaíonn agus coinníonn an scoil caidreamh cabhrach trí chumarsáid reasúnta rialta le pobal na scoile trí mheáin dhifriúla. Léirigh freagairt ar cheistneoirí go raibh beagnach leath de na tuismitheoirí agus leath de na múinteoirí den tuairim nach lorgáítear tuairimí na dtuismitheoirí i leith cúrsaí scoile. Moltar cáilíocht na cumarsáide le pobal na scoile a fheabhsú trí úsáid níos éifeachtaí a bhaint as na córais chumaráide atá forbartha cheana féin agus féachaint chuige má tá cinn fós le forbairt. Luaitear freisn a thábhachtaí agus atá sé do chomhpháirthe uile na scoile coiste tuismitheoirí a athcheapadh.

### **Acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt**

Tá ráta rannpháirtíochta na foirne san fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ard. Tapaítear deiseanna chun eolas agus dea-chleachtais ó na himeachtaí seo a roinnt ar an bhfoireann uile. Rinneadh tagairt go sonrach don chleachtas in-tí rathúil atá éascaithe ag múinteoirí áirithe le saineolas ar RSO, pleanáil ábhair agus an ATF a roinnt mar chroí láidreacht de chuid na scoile. Tá ard-mholadh ag dul do na múinteoirí seo. Cuirtear seisiúin FGL scoile uile ar fáil don fhoireann agus glacann an bhainistíocht shinsearach páirt in oiliúint ghairmiúil do cheannairí agus do bhainisteoirí scoile an BOOGRC. Níor cuireadh taifead ar fáil do na hábhair FGL a bhí clúdaithe ag leibhéal na foirne uile le cúpla bliain anuas. B'fhiú clár comhordaithe FGL a fhorbairt bunaithe ar anailís ar riachtanais na foirne agus freastal a dhéanamh orthu de réir na réimsí is mó gá.

Tháinig méadú ar sceideal na bpost i Meán Fómhair 2018 tráth a rinneadh an anailís LDDB ar riachtanais reatha agus forbartha na scoile. Níor tapaíodh na deiseanna ar fad na riachtanais a aithníodh a chomhtháthú le sceideal na bpost. Tá sé tráthúil anois é seo a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil struchtúr forfheidhmithe i measc cheannairí na scoile chun tacú le plean feabhsúcháin straitéiseach a chur i gcrích. Ar an gcaoi seo forbrófar acmhainn na ceannaireachta agus na féinspreagthachta atá go láidir i measc bhaill den mheánbhainistíocht chun leasa na scoile. Is den riachtanas é cruinniú a thionól go rialta idir an mheánbhainistíocht agus an bhainistíocht shinsearach. Ní mór osradharc ar fhorfheidhmiú na spriocanna feabhsúcháin a bheith ag an bpríomhoide agus tuairiscí mionsonraithe a chur ar fáil go rialta do pháirtithe na scoile uile.

Trí choistí, ar nós comhairle na scoláirí agus an coiste Gaelbhreach, cruthaítear deiseanna chun scileanna ceannaireachta na scoláirí a fheabhsú. Tá comhairle na scoláirí, a toghadh go daonlathach, gníomhach i réimse d'imeachtaí scoile le cabhair ó nascmhúinteoir réamhghníomhach. Tá an-dul chun cinn déanta ag an gcoiste Gaelbhreach agus an ceathrú brat bainte amach acu. Bhí ceistneoirí na scoláirí an-dearfach maidir le go leor réimsí de shaol na scoile agus áiríonn siad go dtugtar éisteacht dóibh.

## **2. CÁILÍOCHT AN TEAGAISIC AGUS NA FOGHLAMA**

### **Torthaí agus Eispéiris na bhFoghlaimoirí**

Bhí cáilíocht thorthaí agus eispéireas foghlama na scoláirí go maith ar an iomlán, agus go han-mhaith i gcás leath de na ceachtanna; ní raibh an rath céanna ar an bhfoghlaim i líon beag eile. Bhí caidreamh an-mhaith idir múinteoirí agus scoláirí agus idir na scoláirí féin agus ba léir go raibh tionchar dearfach aige seo ar an atmaisféar foghlama. Sna cásanna ina raibh an cleachtas ab fhearr, ba léir go raibh pleanáil an-mhaith déanta don fhoghlaim, cruthaíodh tascanna comhoibríocha a bhí fiúntach agus tairbheach agus bhí na hionchais d'fhoghlaim na scoláirí ard. Mar is iondúil do cheachtanna barrchleachtais, bhí na tascanna ranga difreáilte go héifeachtach rud a thug deis do na scoláirí go léir blaise den rath agus den dúshlán a fháil agus cumasaíodh iad chun ceangail fhiúntacha agus dílse a dhéanamh idir an fhoghlaim scoil-bhunaithe agus a dtaithí saoil féin. Tapaíodh na deiseanna sna ceachtanna seo freisin chun scileanna féinmheasúnaithe agus piarmheasúnaithe a fhorbairt mar chuid lárnach den eispéireas foghlama. I líon beag de na ceachtanna bhí scóip chun raon níos leithne

modheolaíochtaí a úsáid chun scoláirí a spreagadh le bheith níos gníomhaí ina gcuid foghlama féin agus chun cothromaíocht níos fearr a bheith ann idir ionchur na scoláirí agus guth an mhúinteora.

Bhí na seomraí ranga maisithe go han-mhaith le réimse ábhair a bhí spreagúil agus tacúil don teagasc agus don fhoghlaim. Bhí cairt le heochairfhocail in airde i mbeagnach gach seomra ranga agus úsáideadh go héifeachtach iad ag an tús i dtromlach na gceachtanna. I líon áirithe ceachtanna, bhí gá le níos mó deiseanna a chruthú do na scoláirí chun na heochairfhocail a úsáid i gcomhthéacs ar bhealach fiúntach chun an fhoghlaim a bhuanú. Chuidigh leagan amach na seomraí ranga leis an obair chomhoibríoch agus chinntigh sé go raibh ar chumas na múinteoirí scaffal a sholáthar chun a dheimhniú go raibh dul chun cinn ag baint leis an bhfoghlaim agus go raibh na foghlaimeoirí gafa agus spreagtha.

Cé go raibh raon straitéisí don McF in úsáid sna ceachtanna ab fhearr, gné chun forbartha ar bhonn na scoile uile is ea é. Bhain an cur chuige ba rathúla le roinnt na n-inntíní foghlama ag tús na gceachtanna agus nuair a úsáideadh iad mar phointí tagartha le linn agus chun clabhsúr a chur ar cheacht. I bhformhór na gceachtanna baineadh úsáid mhaith as meascán straitéisí ceistiúcháin chun cur le rannpháirtíocht scoláirí ar leith, dul chun cinn ó thaobh tuisceana, eolais nó forbairt scile de a sheiceáil agus chun machnamh a spreagadh. Ní raibh an rath céanna ar an bhfoghlaim nuair a úsáideadh straitéisí ceistiúcháin íseal oird. I líon beag ceachtanna, cé go raibh deiseanna iontu teicnící féinmheasúnaithe agus piarmheasúnaithe na scoláirí a fhorbairt, níor tapaíodh iad.

Bhí roinnt fianaise ar mhonatóireacht ar obair scríofa na scoláirí ach ní raibh aiseolas foirmitheach ar bhain cáilíocht mhaith leis le léamh ach i gcás líon beag de na cóipleabhair a breathnaíodh. Moltar go láidir athbhreithniú a dhéanamh air seo agus cuir chuige a aontú chun monatóireacht a dhéanamh ar obair na scoláirí mar aon le haiseolas a thabhairt ar chaighdeán na hoirbe. Moltar leis polasaí measúnaithe scoile uile a fhorbairt chun na dea-chleachtais McF a breatnaíodh a roinnt mar thaca don fhoghlaim agus don phleanáil cheachta.

### **Cleachtas aonair agus comhchoiteann na múinteoirí**

Bhí cáilíocht fhoriomlán an teagaisc go maith; breathnaíodh gnéithe de chleachtas a bhí sásúil chomh maith le gnéithe a bhí ar cháilíocht den scoth. I bhformhór na gceachtanna, rinneadh nasc le réamheolas na scoláirí. Cuireadh ábhar na gceachtanna in oiriúint do leibhéal na bhfoghlaimeoirí ó thaobh ábhair agus teanga de agus bhain ord forásach le míreanna an cheachta. I gcás an mhionlaigh, níor baineadh dóthain úsáide as cur chuige na difreála, cailleadh deiseanna chun leibhéal dul chun cinn agus tuisceana na scoláirí a mheas go héifeachtach agus níor tapaíodh na deiseanna go léir chun tacaí in-ranga a chur ar fáil nuair ba léir bearnaí eolais na scoláirí agus iad i mbun obair thasc-bhunaithe. Go ginearálta, bhí an cleachtas maidir le straitéisí don litearthacht agus don uimhearthacht go maith agus rinneadh freastal maith ar riachtanais scoláirí le RSO le linn ceachtanna.

Ar an iomlán bhí úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha chun tacú leis an teagasc agus foghlaim go maith in os cionn leath de na ranganna. Bhí obair na múinteoirí in aimsiú agus in oiriúniú acmhainní agus in úsáid áiseanna chun foghlaim neamhspléach na scoláirí sa bhaile a eascú le moladh. Sna ceachtanna go léir, léirigh múinteoirí go raibh eolas maith acu ar an ábhar agus go raibh siad díograiseach i leith a réimsí ábhair.

Bhain cáilíocht mhaith leis an sampla de phleananna curaclaim a athbhreithníodh. Ar na samplaí den chleachtas ab fhearr bhí scéimeanna oibre cuimsitheacha le hintinní foghlama scoláire-lárnach nasctha le modheolaíochtaí, acmhainní agus modhanna measúnaithe thar thréimhsí ama cinnte. Is dea-theist iad na pleananna seo ar an oiliúint in-tí a rinneadh ó thús na scoilbhliana seo ar an bpleanáil ábhair. Bhí roinnt pleananna a bhí i bhfad ró-ginearálta agus dirithe ró-mhór ar an ábhar amháin. Moltar na heiseamláirí scothchleachtais a aithníodh sna pleananna a úsáid ar bhonn níos forleithne. Ba cheart miontuairiscí ar chruinnithe rannóga ábhair a choinneáil sa phlean ábhair mar thairfead ar na hábhair a phléitear agus ar chinntí a ghlactar.

Go bliantúil, déantar anailís ar thorthaí scrúduithe, scrúduithe na hArdteistiméireachta go príomha. B'annamh a bhí aon ghníomhphleanáil mar thoradh ar an anailís seo. Moltar do gach rannóg spriocanna feabhsúcháin a aontú agus anailís chriticiúil ar thorthaí scrúduithe suimitheacha eile

chomh maith leis an Ardteistiméireacht a bheith mar bhonn eolais do phlean forbartha gach rannóige. Tá gá le ceannaireacht, ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí, chun cultúr an fheabhsúcháin sna rannóga ábhair a chothú.

### **3. CUR I BHFEIDHM NA MOLTAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ ROIMHE**

Tríd is tríd, tá dul chun cinn maith déanta i bhforfheidhmiú na moltaí i dtuairiscí cigireachta a eisíodh chuig an scoil go dáta.

#### **Ceannaireacht agus Bainistíocht**

Tá an t-aon mholadh a rinneadh ag leibhéal na bainistíochta fós le feidhmiú: polasaí sláinte agus sábháilteachta a athbhreithniú agus é a bhunú ar an measúnú riosca.

#### **Teagasc agus Foghlaim**

Tá dul chun cinn maith le sonrú i bhforfheidhmiú na moltaí a rinneadh sna ceithre thuairisc chigireachta is déanaí a eisíodh chuig an scoil maidir le pleanáil ábhair agus i leith an teagaisc agus na foghlama. Tá scóip ann i gcónaí le forbairt a dhéanamh ar chur chuige i leith na difreála agus ar úsáid réimse níos leithne teicnicí McF.

### **4. PRÓISEAS FÉINMHEASTÓIREACHTA NA SCOILE AGUS CUMAS D'FHEABHSÚCHÁN SCOILE**

Bhain cáilíocht mhaith leis na pleananna CDSS agus SASG ach ní raibh fianaise ann ar chur chuige comhtháite ar bhonn scoile uile ná ar struchtúr forfheidhmithe chun spriocanna na bpleananna a bhaint amach.

#### **Próiseas Féinmheastóireachta na Scoile**

Tá an scoil ag gabháil don phleanáil CDSS ó 2002 agus tosaíodh ar an bFMS, ar bhonn comhtháite le CDSS mar is cuí, in 2014. Ó shin, tá dul chun cinn déanta i ngach téama CDSS; an dul chun cinn is rathúla i gcás ráta coinneála na scoláirí ach tá deacrachtaí fadbhunaithe fós le sárú i gcás asláithreachta scoláirí.

Ag am na meastóireachta, bhí plean CDSS don tréimhse 2018-2021 díreach críochnaithe ar bhain cáilíocht an-mhaith leis mar thoradh ar dhea-obair ghrúpaí beaga faoi stiúir an chomhordaitheora. Tá sé tábhachtach go gcinnteofar go bhfuil spriocanna intomhaiste ceaptha do gach réimse thar thréimhse ama cinnte chomh maith le struchtúr forfheidhmithe a fhorbairt le go mbeidh tionchar ag an bplean ar chleachtas agus nósanna imeachta na scoile uile. Is gá an plean CDSS a thabhairt os comhair an bhoird le faomhadh láthaireach.

Bhain cáilíocht mhaith leis an bplean SASG, ach arís, tá cur chuige comhtháite iomlán scoile in easnamh. Moltar é seo a chur ina cheart a luaithe agus is féidir.

#### **Cumas na Scoile d'Fheabhsúchán**

Tá acmhainn feabhsúcháin scoile an-mhaith, agus is croí láidreacht den réimse seo an tiomantas agus an díograis atá go láidir i measc na foirne.



**Aguisín**

**Freagra na Scoile ar an Tuairisc**

**Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta**

## **Cuid A: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile**

Fáiltíonn Bord Bainistíochta Choláiste Cholmcille roimh thuairisc na cigireachta. Aithnítear sa tuairisc an sár-obair atá á dhéanamh ó thaobh teagasc agus ar chleachtais ar cháilíocht den scoth i leath de na ceachtanna. Aithnítear cáilíocht thorthaí agus éispéireas foghlama na scoláirí go maith agus go han-mhaith agus tugtar aitheantas don chaidreamh an-mhaith atá idir múinteoirí agus scoláirí.

Moltar an phleanáil CDSS agus SASG le linn na cigireachta agus sa tuairisc.

Aithnítear deiseanna chun feabhais agus tá an Bhord, bainistíocht na scoile agus foireann na scoile lán-tiománta chun iad seo a chur i gcrích.

## **Cuid B: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm**

Tá na gnéithe chun feabhais maidir le Cosaint Leanáí curtha ina gceart ag an tráth seo, seachas seiceáil a seacht. Tá coistíe oibre curtha le chéile ag díriú ar 'Folláine' ina mbreathnófar ar soláthar, go háirid, OCG ag leibhéal na scoláirí sinsearacha.

Tá próiséas athstruchtúru ar roil agus ar fhreagrachtaí post-shealbhóirí ar bun faoi láthair de réir moladh na cigireachta. Mar chuid den obair seo tá dualgais na bainistíochta sinsearaí agus roil pearsanra eile á mhionshonrú agus á nascadh go dlúth leis an bPFS.

Tá obair ar bun chun cumarsáid a fheabhsú le rannpháirtithe na scoile agus leis an bpobal áitiúil.

Tá grúpaí oibre curtha le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar chroí-pholasaithe na scoile agus spriocanna ama leagtha amach dá réir.

Tá an fhoireann scoile ag féachaint ar mhodanna éifeachtacha chun saineolas maidir le Dífreáil agus chun McF a roinnt leis an bhfoireann.

## Contanam Cáilíochta na Cigireachta

Déanann cigirí cur síos ar cháilíocht an tsoláthair sa scoil agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na cigireachta a thaispeántar thíos. Tugann an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí nuair a bhíonn siad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile do gach réimse.

Leibhéal	Cur síos	Sampla de na téarmaí tuairisciúla
An-mhaith	Úsáidtear <i>An-mhaith</i> áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard. Ní bhíonn tionchar rómhór ag an líon beag réimsí atá le feabhsú ar cháilíocht an tsoláthair ar an iomlán. Do roinnt scoileanna sa chatagóir seo cáilíocht an tsoláthair ar a rinneadh meastóireacht <i>thar cionn</i> agus is sampla é do scoileanna eile de shárchaighdeáin soláthair.	An-mhaith; ar cháilíocht an-ard; cleachtas an-éifeachtach; le moladh go hard; an-rathúil; beagán réimsí le feabhsú; go hiontach; ar chaighdeán an-ard. Ar fheabhas: thar cionn; ar sárchaighdeán; le láidreachtaí an-suntasacha; thar barr
Maith	Úsáidtear <i>Go maith</i> áit inar léir go bhfuil na láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu níos treise ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh. Bíonn tionchar ag na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh ar cháilíocht foghlama na ndaltaí. Ní mór don scoil tógáil ar a cuid láidreachtaí agus gníomhú le dul i ngleic leis na réimsí atá aitheanta ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh d'fhonn caighdeán <i>an-mhaith</i> a bhaint amach.	Go maith; cáilíocht mhaith; fiúntach; cleachtas éifeachtach; inniúil; úsáideach; inmholta; caighdeán maith; roinnt réimsí le feabhsú
Sásúil	Úsáidtear <i>Sásúil</i> áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith. Tá na láidreachtaí sa mhéid ar a bhfuil meastóireacht á dhéanamh díreach níos treise ná na laigí. Cé nach mbíonn drochthionchar suntasach ag na laigí cuireann siad srian le cáilíocht na n-eispéireas foghlama agus ba chóir déileáil leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach.	Sásúil; sách maith; soláthar oiriúnach cé go bhfuil féidearthachtaí ann le feabhas a dhéanamh; leibhéal cáilíochta inghlactha; is gá feabhas a dhéanamh i réimsí áirithe
Measartha	Úsáidtear <i>Measartha</i> áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann freisin ná na láidreachtaí. Beidh ar an scoil dul i ngleic le heasnaimh áirithe gan mhoill lena chinntiú go mbíonn an soláthar sásúil nó níos fearr ná sin.	Measartha; laigí soiléire ann a bhfuil tionchar acu ar fhoghlaim na ndaltaí; gan a bheith sásúil; deacrachtaí ann; ní mór feabhas a dhéanamh i réimsí ar leith; gá le gníomhú le feabhas a dhéanamh
Lag	Úsáidtear <i>Lag</i> áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu. Is gá don scoil uile gníomhú láithreach ar bhonn comhordaithe le dul i ngleic leis na réimsí atá mar ábhar imní. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile le tacú leis na feabhsuithe.	Lag; míshásúil; easnamhach; neamhéifeachtach; go dona; athrú, forbairt nó feabhas suntasach ag teastáil; deacrachtaí suntasacha ann

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**  
**Department of Education and Skills**

**Whole School Evaluation**  
**Management, Leadership and Learning**

**REPORT**

<b>Ainm na scoile / School name</b>	Coláiste Cholmcille
<b>Seoladh na scoile / School address</b>	Indreabhán Contae na Gaillimhe
<b>Uimhir rolla / Roll number</b>	71250A

**Date of Evaluation: 11-04-2019**



---

An Roinn Oideachais  
agus Scileanna  
Department of  
Education and Skills

The original Irish version of the report is provided above.

This is the English translation of a report originally written in Irish.

### **What is a whole-school evaluation – management, leadership and learning?**

Whole-School Evaluations – Management, Leadership and Learning report on the quality of teaching and learning and on the quality of management and leadership in a school. It affirms good practice and makes recommendations, where appropriate, to aid the further development of educational provision in the school.

### **How to read this report**

During this inspection, the inspectors evaluated and reported under the following headings or areas of enquiry:

1. Quality of school leadership and management
2. Quality of teaching and learning
3. Implementation of recommendations from previous evaluations
4. The school's self-evaluation process and capacity for school improvement

Inspectors describe the quality of each of these areas using the Inspectorate's quality continuum which is shown on the final page of this report. The quality continuum provides examples of the language used by inspectors when evaluating and describing the quality of the school's provision in each field.

